**Miontuairiscí Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann**

**Déardaoin an 4 Lúnasa 2022 ar 11:00**

**Ionad: An Seomra Boird, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, 4 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 A322**

| | |
|---|---|
| **An Bord** | **I láthair:**<br>Eoin McVey, Cathaoirleach<br>An Dr Marie Bourke<br>An tOll. Maeve Conrick (córas físchomhdhála) (1-9.1.3)<br>John Grenham (córas físchomhdhála)<br>Lisa Grimm<br>Lorelei Harris<br>An Dr Conor Kostick (córas físchomhdhála)<br>An tOll. Ciarán Ó hÓgartaigh<br>An tOll. Kalpana Shankar (córas físchomhdhála)<br>Caitriona Sharkey (córas físchomhdhála)<br>Jennifer Taaffe |
| **An Fhoireann** | **I láthair:**<br>Katherine McSharry, Stiúrthóir Gníomhach (1-12)<br>Susan O'Donnell, Rúnaí Gníomhach (1-12)<br>Orla Sweeney, Rúnaí an Bhoird (ag breathnú, 1-12)<br>Liz Coffey, Ceannasaí Cumarsáide agus Forbartha (7.1)<br><br>**I láthair** (córas físchomhdhála):<br>Kathleen Ruane, Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí (8.2-9.2)<br><br>Stuart Anderson, Bunaitheoir & POF, XpertDPO Ltd. (8.2)<br>Aimee Jane Stephens, Oifigeach Comhairleach um Chosaint Sonraí, XpertDPO Ltd. (8.2) |
| Nóta: Is éard atá i gceist le (míreanna 1-12) ná go raibh an duine sin i láthair le haghaidh na míreanna sin sna miontuairiscí. Bhí gach comhalta Boird/ball foirne eile i láthair don chruinniú iomlán. | |

## 1. Leasanna agus ceisteanna nóis imeachta

Dhearbhaigh an Cathaoirleach go raibh córam i láthair ar an gcruinniú. Mar fhreagra ar an gceist ón gCathaoirleach, ní raibh aon choinbhleachtaí leasa le fógairt ag an mBord agus glacadh le clár oibre an chruinnithe.

**Dheimhnigh an Bord go raibh córam ann, ghlac le clár oibre an chruinnithe; dheimhnigh nach raibh aon choinbhleachtaí leasa le fógairt.**

Nóta: Cuireadh na páipéir go léir ar fáil roimh an gcruinniú Boird ach amháin má luaitear a mhalairt.

## 2. Dréacht-mhiontuairiscí ón gcruinniú Boird ar an 2 Meitheamh 2022 agus a bhfoilsiú

**D'fhaomh an Bord na dréacht-mhiontuairiscí ón gcruinniú Boird ar an 2 Meitheamh 2022 agus foilsiú na miontuairiscí faofa agus téacs folaithe iontu de réir mar is iomchuí.**

## 3. Nithe ag éirí as

Thug an Stiúrthóir Gníomhach achoimre ghearr don Bhord ar thábla gníomhaíochta na nithe ag éirí as:

Gníomh 19.2.3: Thabharfaí tuairisc chun dáta ar an Athbhreithniú Seachtrach ar Éifeachtacht an Bhoird faoi Mhír 5. Moladh agus comhaontaíodh go gcuirfeadh an Bord deireadh leis an mír seo a bhaineann leis an 10 Meán Fómhair 2020 ós rud é go bhfuil Athbhreithniú Seachtrach ar siúl.

Gníomh 2021.2.2: Thabharfaí tuairisc chun dáta don Bhord maidir leis an gClár Forbartha Caipitil faoi Mhír 6.

**Thug an Bord tábla gníomhaíochta na nithe ag éirí as ar aire.**

## 4. Tuairisc agus Athbhreithniú an Stiúrthóra Ghníomhaigh ar thosaíochtaí straitéiseacha eagraíochtúla 2022 LNÉ

Thug an Stiúrthóir Gníomhach faisnéisiú don Bhord mar seo a leanas:

- D’fhreastail an Stiúrthóir Gníomhach agus Leabharlannaí na mBailiúchán Speisialta, Gerry Long, ar sheisiún Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge ar an 15 Meitheamh 2022. Chuir sé leis an bplé faoin ábhar ‘léitheoireacht agus foilsitheoireacht i nGaeilge a chur chun cinn’. Scríobhadh aighneacht mhionsonraithe a cuireadh chuig an gCoiste roimh ré. Léadh achoimre níos giorra sa taifead.

  - Comhdháil Leabharlann agus Faisnéise Domhanda (WLIC) an IFLA: I ndiaidh moill dhá bhliain a bheith ann, bhí an WLIC ar siúl i mBaile Átha Cliath ón 26 go dtí an 29 Iúil 2022.

    Bhí baint mhór ag LNÉ le heagrú na comhdhála, comhdháil inar tháinig 2,000 leabharlannaí go Baile Átha Cliath.

    Bhí an Stiúrthóir Gníomhach ina bhall den Choiste Eagraithe Náisiúnta agus bhí CGB Stiúrthóirí na Leabharlann Náisiúnta in LNÉ Dé Céadaoin an 27 Iúil. Maille leis sin, chuir LNÉ fáilte roimh thoscaireachtaí ó Leabharlanna Náisiúnta éagsúla, Leabharlannaithe Náisiúnta na hAstráile, na Boisnia agus na Heirseagaivéine, Phoblacht na Seice, na hUngáire, na Cóiré agus Shingeapór ina measc. Tugadh seans do thoscairí ginearálta dul chuig taispeántas Yeats agus taispeántas Heaney Dé hAoine an 29 Iúil.

**Thug an Bord moladh don Stiúrthóir Gníomhach as LNÉ a bheith páirteach ar bhealach an-fheiceálach mar chuid de Chomhdháil Leabharlann agus Faisnéise Domhanda an IFLA a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath ón 26 go dtí an 29 Iúil 2022.**

  - Díríodh ar chúpla ní eile:
  - Acmhainní Daonna: Tá an earcaíocht le haghaidh róil cheadaithe curtha i gcrích nó tá cuid mhaith dul chun cinn déanta ina leith. Tá duine faighte don ról suntasach mar Cheannasaí Gníomhach Taispeántas, Foghlama agus Cláreagraithe, agus tá an duine sin le tosú ar an 16 Lúnasa 2022. Tá daoine earcaithe sna poist a bhaineann leis an taispeántas Seamus Heaney: Listen Now Again.

  - Tá céad-Turas an Stiúrthóra sa sceideal Dé Sathairn an 6 Lúnasa 2022 agus beidh turas ann an chéad Satharn de gach mí tar a éis sin.

  - Tá maoiniú faighte ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGSM) chun clár d’imeachtaí oíche a chur ar fáil san fhómhar mar chuid de Straitéis Gheilleagar na hOíche.

- Nuair a fhéachtar ar fhigiúirí inchomparáide maidir le líon na gcuairteoirí agus úsáideoirí a bhí ann sa ráithe ó Aibreán go Meitheamh 2022, is léir go raibh an líon sin thart ar 70% den líon a bhí ann roimh aimsir Covid-19, a léiríonn go bhfuil cúrsaí ag dul sa treo ceart.

  Mar fhreagra ar cheist ón mBord, dheimhnigh an Stiúrthóir Gníomhach gur cuireadh figiúirí do LNÉ agus do Mhúsaem Litríochta na hÉireann le chéile sa líon cuairteoirí a d'fhreastail ar Ghníomhaíochtaí Foghlama agus For-rochtana do dhaoine fásta agus do leanaí. Comhaontaíodh an cur chuige sin leis an RTCEGSM nuair a bunaíodh Músaem Litríochta na hÉireann ós rud é nach dtuairiscítear na figiúirí don Mhúsaem áit ar bith eile.

**Thug an Bord Tuairisc agus Athbhreithniú an Stiúrthóra Ghníomhaigh ar thosaíochtaí straitéiseacha eagraíochtúla 2022 LNÉ ar aire.**

**Socraíodh go gcuirfí an aighneacht a cuireadh faoi bhráid Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge ar an 15 Meitheamh ar fáil i mBéarla don Bhord ar an ríomhphost tar éis an chruinnithe.**

**Cuirfidh an Stiúrthóir Gníomhach figiúirí ar fáil don líon cuairteoirí ar LNÉ go díreach, gan na figiúirí do Mhúsaem Litríochta na hÉireann a chur leo, sa chéad chruinniú Boird eile.**

## 5. Ionduchtú an Bhoird: Tuairisc chun dáta ar an athbhreithniú seachtrach

**Thug an Bord an tuairisc chun dáta ar an athbhreithniú seachtrach ar Bhord LNÉ ar aire. An amlíne leis an athbhreithniú seachtrach a chur i gcrích: eiseofar an ceistneoir roimh i bhfad; cuirfear agallamh duine le duine i gcrích go luath i mí Mheán Fómhair; cuirfear na torthaí i láthair don Bhord mar chuid den chruinniú Boird i mí Dheireadh Fómhair.**

## 6. Cur i láthair: Tuairisc chun dáta ar an Tionscadal Forbartha Caipitil

Thug an Stiúrthóir Gníomhach tuairisc chun dáta ar an Tionscadal Forbartha Caipitil, forléargas ar ghníomhaíochtaí Gnóthaí Pobail san áireamh. Luadh cuairteanna le gairid agus cuairteanna atá beartaithe ar an Sciathán Thiar ó oifigigh shinsearacha Rialtais; dul chun cinn ar Dhearadh, Soláthar agus Pleanáil; Buiséad agus

Faomhadh Costas; Rialachas agus Oibríochtaí; agus Oibreacha Caipitiúla eile.

Gabhadh buíochas leis an mBord as faomhadh ríomhphoist a thabhairt le go bhféadfaí leanúint ar aghaidh chun conartha le haghaidh seirbhísí ó Shainchomhairleoir Eacnamaíoch chun Cás Eatramhach agus Cás Deiridh Gnó a ullmhú don Tionscadal Forbartha Caipitil.

Thug an Stiúrthóir Gníomhach tuairiscí chun dáta maidir leis na nithe seo chomh maith:

i) Athfhorbairt Café Joly mar léachtlann phoiblí;
ii) Athfhorbairt an tSeomra Ealaíne; agus
iii) Áiléar féachana mar fhorbairt a d'fhéadfadh a theacht chun cinn sa Phríomhsheomra Léitheoireachta.

Thug an Bord ar aire go raibh tionchar ag dúnadh an chaifé ar an bhfáilte roimh chuairteoirí i bpríomhfhoirgneamh na Leabharlainne Náisiúnta. D'fhéadfaí aonad taistil caife a chur taobh amuigh den Leabharlann Náisiúnta mar réiteach.

Mar fhreagairt ar cheist ón mBord, bhí an Stiúrthóir Gníomhach den tuairim chomh maith go bhféadfaí áiléar féachana sa Phríomhsheomra Léitheoireachta a bheith ina thionscadal sonrach le haghaidh maoiniú daonchairdiúil.

**Maidir le Dearadh agus Pleanáil, ós rud é go bhfuil an inbhuanaitheacht mar chuid de Straitéis LNÉ, mhol an Bord go mbeadh sé úsáideach a bheith ar an eolas faoi na bearta atá á gcur i bhfeidhm ina leith. Mar fhreagairt air sin, iarrfaidh an Stiúrthóir Gníomhach ar an gCeannasaí Eastát an méid sin a phlé sa chur i láthair a thabharfaidh sé mar chuid den chéad chruinniú Boird eile.**

**Thug an Bord an cur i láthair ón Stiúrthóir Gníomhach ar an Tionscadal Forbartha Caipitil ar aire.**

Bhí an cur i láthair le cur chuig an mBord i ndiaidh an chruinnithe.

## 7. Cásanna gnó

### 7.1 Cumarsáid agus Forbairt: Conradh le haghaidh Seirbhísí Caidrimh Phoiblí, Gnóthaí Poiblí agus Cumarsáide

Maidir leis an tairiscint rathúil don chonradh le haghaidh Seirbhísí Caidrimh Phoiblí, Gnóthaí Poiblí agus Cumarsáide, dheimhnigh an Ceannasaí Cumarsáide agus Forbartha gur bronnadh an conradh ar an tairiscint ab fhearr ó thaobh costais de, is é sin an ráta lae is lú; agus go mairfeadh an ráta sin trí bliana.

Luaigh comhalta den Bhord gurb iad gnóthaí poiblí agus comhairle straitéiseach láidreachtaí an tsoláthraí seirbhíse agus nach speisialachas chomh mór sin ag an soláthraí an mhargaíocht.

**Thug an Bord faomhadh do LNÉ conradh bliana a bhronnadh ar DHR Communications le Seirbhísí Caidrimh Phoiblí, Gnóthaí Poiblí agus Cumarsáide a sholáthar agus an rogha ann síneadh a chur leis sin gach bliain suas le trí bliana faoi réir faomhadh bliantúil ón mBord.**

[redacted]

**Thug an Bord ar aire go bhfuarthas leithscéalta ón Ollamh Ó hÓgartaigh nach raibh ar fáil leis na tairiscintí a mheasúnú mar a bhí beartaithe.**

## 7.2 Cumarsáid agus Forbairt: Conradh le haghaidh Seirbhísí Aistriúcháin

Thug an Bord ar aire go bhfaighfí na freagraí ar an tairiscint le haghaidh Seirbhísí Aistriúcháin tar éis an chruinnithe Boird seo agus roimh an gcruinniú Boird ar an 6 Deireadh Fómhair. Dá gcuirfí an faomhadh siar go dtí an cruinniú Boird ar an 6 Deireadh Fómhair, bheadh tionchar aige sin ar an dáta a gcuirfear an láithreán gréasáin dátheangach nua ar fáil.

**Thug an Bord faomhadh don iarratas an conradh le haghaidh Seirbhísí Conradh a chur chuig an mBord mar ríomhphost lena mheas.**

### 7.3 Bailiúcháin Dhigiteacha: Síneadh ama le Seirbhísí deisce cabhraí TFC

Thug an Bord ar aire gurb é Sureskills Limited an soláthraí seirbhíse faoi láthair.

**Thug an Bord faomhadh don Fheidhmeannas síneadh a chur leis an gconradh le Sureskills Limited seirbhísí deisce cabhraí TFC a chur ar fáil a mhairfidh bliain amháin, mar atá ceadaithe faoin gcomórtas tairisceana oscailte a d'fhaomh an Bord ar an 3 Meitheamh 2021.** [redacted]

### 7.4 Bailiúcháin Dhigiteacha: Conradh le haghaidh Seirbhísí Digitithe

**Thug an Bord faomhadh do LNÉ conradh le haghaidh seirbhísí digitithe a thabhairt do Archives Ireland (Mastermind) faoi Iarratas ar Mhiontairiscint a rinneadh faoi Chreat Digitithe reatha 2018 chun oibreoirí digitithe a fháil do 2022 agus an rogha ann síneadh a chur leis an gconradh go 2023.**

[redacted]

## 8. Beartais

### 8.1 Eastáit: Beartas maidir leis an Teilifís Ciorcaid Iata (TCI)

**D'fhaomh an Bord an Beartas TCI ar an gcoinníoll go gcuirfí an moladh seo isteach:**

i. **Liosta de gach duine a bheadh in ann féachaint ar scannánaíocht TCI.**

### 8.2 Rialachas Corparáideach: Cnuasach de dhoiciméid a bhaineann le Cosaint Sonraí

#### 8.2.1 Cur i láthair ó XpertDPO

**8.2.2 Beartas chun Sárú ar Shonraí a Bhainistiú**

**8.2.3 Beartas um Iarratais Daoine ar a Sonraí**

**8.2.4 Nós Imeachta um Iniomparthacht Sonraí**

**8.2.5 Comhaontú Próiseála Sonraí**

**8.2.6 Beartas Úsáide Inghlactha Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)**

**8.2.7 Beartas Bainistíochta Sonraí**

**8.2.8 Ráiteas Beartais um Chosaint Sonraí (Beartas Inmheánach)**

Tugadh freagraí ar cheisteanna ón mBord nuair a bhí an cur i láthair ó Xpert DPO thart, cur i láthair a bhain leis an gcnuasach beartaithe de dhoiciméid a bhaineann le Cosaint Sonraí.

Thug XpertDPO le fios nach féidir leis an Oifigeach Cosanta Sonraí a bheith mar an Duine Ceannais atá Freagrach as beartais áirithe, amhail an Beartas Bainistíochta Sonraí, ós rud é go bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith i gceist don Oifigeach Cosanta Sonraí.

Thug an Bord ar aire an tábhacht a bhainfeadh le próiseas bunaithe i gcás sárú ar shonraí, athbhreithniú agus fiosrúchán tar éis na heachtra mar chuid den phróiseas sin.

**Thug an Bord an cur i láthair a thug XpertDPO Ltd. ar aire, cur i láthair a bhain leis an gcnuasach doiciméad a bhaineann le Cosaint Sonraí.**

**D'fhaomh an Bord an cnuasach de dhoiciméid a bhaineann le Cosaint Sonraí a luaitear thuas, ar an gcoinníoll go gcuirfear na moltaí seo isteach:**

- **I gcás an Bheartais Bainistíochta um Shárú ar Shonraí, mhol an Bord gur chóir prótacal ar leith a fhorbairt ina sonrófar an prótacal chun gníomhartha aisghabhála a chur in ord tosaíochta má bhíonn sárú tromchúiseach ann.**

  **Bhí an Stiúrthóir Gníomhach toilteanach an moladh seo a chur i ngníomh, moladh a bhain leis an mBainistiú Géarchéime go ginearálta.**

- **Mhol an Bord gur chóir an oiliúint foirne atá beartaithe don chnuasach nua de bheartais um Chosaint Sonraí a chur in oiriúint do chásanna a bhaineann go sonrach le róil ar leith le go mbainfidh baill foirne LNÉ tairbhe as an oiliúint sin. Dheimhnigh an Stiúrthóir Gníomhach go bhfuil XpertDPO sásta a chinntiú go gcuirfear oiliúint a bhaineann go sonrach le róil áirithe a chur ar fáil do bhaill foirne LNÉ.**

## 9. Gnóthaí Corparáideacha

### 9.1 Cúrsaí Airgeadais

#### 9.1.1 Cuntais bhainistíochta don bhliain go dtí an 31 Bealtaine 2022

Chuir an Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí na Cuntais Bhainistíochta don bhliain go dtí an 31 Bealtaine 2022 i láthair lena bhfaomhadh. Cuireadh in iúl don Bhord go bhfuil an t-ioncam ag teacht leis an mbuiséad ach go bhfuil an caiteachas chun deiridh ar an mbuiséad, mar gheall ar chúrsaí ama den chuid is mó ó thaobh sonraisc a fháil de.

**D’fhaomh an Bord na dréachtchuntais bhainistíochta don bhliain go dtí an 31 Bealtaine 2022.**

#### 9.1.2 Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh chun an Aire; Páipéar Cuntas Comhdhlúite LNÉ arna ullmhú ag Mazars; Ráitis Airgeadais; Litir Uiríll, Tuarascáil Neamhspleách Achtúireach

**Rinne an Bord athbhreithniú ar Thuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh chun an Aire don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2021 agus d’fhaomh í.**

Tar éis don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) an cheist a phlé mar chuid dá chruinniú ar an 20 Iúil 2022, dúirt Cathaoirleach an choiste go raibh an CIR sásta glacadh leis an gconclúid seo ó Mazars:

*‘Ós rud é nach bhfuil aon cheanglas ann faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, ná faoi FRS102 cuntais chomhdhlúite a ullmhú, ní mheastar gur gá iad a ullmhú’.*

Agus athbhreithniú déanta ar an gceist, ní éilítear cuntais chomhdhlúite faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, agus, lena chois sin, níl na suimeanna ábharach ó thaobh na gcuntas de.

Tá an Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí ag obair ar iarratas ón CIR chun deimhniú a fháil ón RTCEGSM maidir leis an bhfoirm de na Ráitis Airgeadais atá sonraithe ag an Aire.

**Thug an Bord ar aire go bhfuil an CIR sásta glacadh le treoir ó Mazars maidir le bunús ullmhúcháin Chuntais LNÉ. Thug an Bord Páipéar Cuntas Comhdhlúite LNÉ ar aire, páipéar a d’ullmhaigh Mazars tar éis dul i gcomhairle leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.**

**D’fhaomh an Bord na dréacht-Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 faoi réir aon leasú a dhéanfaidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste; agus d’fhaomh an dréacht-Litir Uiríll chun an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i dtaca leis na Ráitis Airgeadais iniúchta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021.**

**Thug an Bord an Tuarascáil Achtúireach – FRS 102 Nochtadh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar aire. Achtúire Seachtrach Neamhspleách a d’ullmhaigh an tuarascáil.**

### 9.1.3 Réamhaisnéis athbhreithnithe bhuiséid go dtí an 31 Nollaig 2022

Chuir an Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí an réamhaisnéis athbhreithnithe don bhuiséad go dtí an 31 Nollaig 2022 i láthair agus dúirt go raibh laghdú ar an gcaiteachas sa leagan seo. Tháinig laghdú den chuid is mó mar gheall ar chúrsaí ama i dtaca le stóráil dhigiteach, tionscadail

chatalógaithe agus párolla, réimsí a raibh moill mhór ag baint leo róil a cheadú.

**D’fhaomh an Bord an réamhaisnéis athbhreithnithe bhuiséid go dtí an 31 Nollaig 2022.**

### 9.2 Bainistíocht Riosca: Uasdátú ar an gClár Rioscaí Corparáide

Chuir an Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí an clár rioscaí corparáide uasdátaithe i láthair. Agus an riosca iarmharach á mheasúnú, níor measadh ach rialuithe maolaitheacha atá curtha i bhfeidhm. Anuas air sin, cuireadh gach riosca leis an gcolún ábhartha i Straitéis nua 2022-2026.

Dheimhnigh Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) go raibh athbhreithniú déanta ag an gCoiste ar an gClár Rioscaí Corparáide, é uasdátaithe go cuimsitheach, mar chuid dá chruinniú ar an 20 Iúil 2022 agus go raibh an Coiste ag moladh go ndéanfadh an Bord é a fhaomhadh.

**D'fhaomh an Bord an Clár Rioscaí Corparáide uasdátaithe.**

### 9.3 Eitic: Tacaíocht don chomhlíonadh

Thug an Bord ar aire go n-eisíonn Teagmhálaí LNÉ um Eitic fógra scríofa i mí Eanáir gach bliain ina gcuirtear stiúrthóirí ainmnithe agus fostaithe ainmnithe ar an eolas maidir lenár n-oibleagáidí faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001 (na hAchtanna um Eitic). Bhí moill air sin in 2022 ós rud é nach raibh Rúnaí Boird buan ann.

Cuireadh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) ar an eolas faoin méid sin mar chuid dá chruinniú ar an 20 Iúil 2022.

**Thug an Bord ar aire go n-eiseodh Teagmhálaí LNÉ um Eitic an fógra scríofa chun stiúrthóirí ainmnithe agus fostaithe ainmnithe a chur ar an eolas maidir lena n-oibleagáidí faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001 (na hAchtanna um Eitic) le linn na seachtaine dar tús an 8 Lúnasa 2022 agus go mbeadh na**

**ráitis le bheith ar ais laistigh de 14 lá féilire ón lá a bhfaighfear iad.**

## 10. Coistí an Bhoird

Mhol an Cathaoirleach gur chóir an mhír a bhaineann le Coistí Boird a chur níos luaithe ar chlár oibre an Bhoird ós rud é go gcuireann na Coistí chomh mór sin le hobair na Leabharlainne Náisiúnta agus le go leor ama a fhágáil don phlé.

**Bhí an Bord ar aon intinn gur chóir an mhír maidir le Coistí Boird a bheith níos luaithe ar an gclár oibre i gcruinnithe Boird. Ón 6 Deireadh Fómhair 2022 ar aghaidh, pléifear Coistí Boird go díreach i ndiaidh Thuairisc an Stiúrthóra Ghníomhaigh.**

### 10.1 An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

#### 10.1.1 Tuairisc ón 20 Iúil 2022 agus miontuairiscí ón 18 Bealtaine 2022

Thug Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) faisnéisiú don Bhord maidir le cruinniú an Choiste sin ar an 20 Iúil 2022.

Dúirt Cathaoirleach an CIR go ndearna sé teagmháil le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le gairid agus gur dheimhnigh an Oifig nach raibh aon cheisteanna ar comhad ar chóir iad a phlé.

Dúirt Cathaoirleach an CIR go ndearna an Coiste an dréacht-tuarascáil deiridh ón iniúchóireacht inmheánach maidir leis an athbhreithniú ar bhailiúcháin agus sealbhúcháin a mheas. Cuireadh aon athbhreithniú eile siar go dtí cruinniú an CIR ar an 21 Meán Fómhair 2022 sa dóigh is go bhféadfaí tuilleadh eolais a chur ar fáil.

**Thug an Bord an dá rud ar aire, is iad sin tuairisc Chathaoirleach an Choiste ar chruinniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an 20 Iúil 2022 agus na miontuairiscí faofa ón gcruinniú ar an 18 Bealtaine 2022.**

### 10.1.2 An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca: Comhaltas

Thug Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) faisnéisiú don Bhord maidir le comhaltas an Choiste sin. Mar a luaigh Rúnaí an Bhoird, beidh an téarma curtha i gcrích ag comhalta amháin ar an gCoiste i Lúnasa 2022. Pléifear comhalta nua don chéad chruinniú eile a bheidh ag an CIR i mí Mheán Fómhair.

**Ghabh an Bord buíochas leis an CIR as na gnóthaí ar fad a phlé.**

**Thug an Bord an tuairisc chun dáta ó Chathaoirleach an Choiste ar chomhaltas an CIR ar aire.**

## 10.2 An Coiste um Ghinealas agus Araltas: Tuairisc an 21 Iúil 2022 agus miontuairiscí ón 24 Feabhra 2022

Thug Cathaoirleach an Choiste um Araltas agus Ginealas faisnéisiú don Bhord faoi chruinniú an Choiste sin ar an 21 Iúil 2022 inar tugadh cuir i láthair, ceann acu ar chlár digitithe LNÉ agus ceann ar Oifig an Phríomh-Arailt.

**Thug an Bord an tuairisc ó Chathaoirleach an Choiste um Ghinealas agus Araltas faoin gcruinniú ar an 21 Iúil ar aire, chomh maith le miontuairiscí an chruinnithe ón 24 Feabhra 2022.**

## 10.3 An Coiste Comhairleach Léitheoirí: Tuairisc ón 26 Aibreán 2022

Thug an Cathaoirleach ar an gCoiste Comhairleach Léitheoirí faisnéisiú don Bhord maidir leis an gcéad chruinniú a bhí ag an gCoiste sin ar an 26 Aibreán 2022. Mar chuid den chruinniú sin tugadh forléargas ardleibhéil ar LNÉ agus thug an Stiúrthóir Gníomhach turas ar an Sciathán Thiar.

Luaigh an Cathaoirleach go ndíreodh an Coiste ar an dá réimse seo:

1) Rochtain réigiúnach; agus
2) Ceangal idir LNÉ agus na leabharlanna eile in Éirinn.

**Thug an Bord ar aire an tuairisc ó Chathaoirleach an Choiste maidir leis an gcruinniú a bhí ag an gCoiste Comhairleach Léitheoirí ar an 26 Aibreán 2022 agus go mbeadh an chéad chruinniú eile ann i Meán Fómhair 2022.**

**11. An chéad chruinniú Boird eile: Déardaoin an 6 Deireadh Fómhair 2022, 11:00**

**Thug an Bord ar aire go mbeadh an chéad chruinniú eile ann Déardaoin an 6 Deireadh Fómhair 2022 ar 11:00.**

**12. Aon Ghnó Eile**

**12.1 Cruinniú Boird an 1 Nollaig 2022**

**Thug an Bord an t-uasdátú ar chruinniú Boird an 1 Nollaig 2022 ar aire.**

**13. Am Príobháideach**

Thug an Cathaoirleach tuairisc chun dáta don Bhord maidir le Stiúrthóir nua a earcú.

**Chuir an Cathaoirleach deireadh leis an gcruinniú.**